Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 10

# An Coimisiún um Achomhairc Chánach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus caiteachas an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €278,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Athrú reachtaíochta***

Cumasaíodh leis an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus Rialachán Réamheolaire), 2019, go gceapfadh an tAire Airgeadais Cathaoirleach don Choimisiún. Faoin Acht, cuirtear cúram ar an gCathaoirleach i leith freagracht fhoriomlán as bainistiú agus gnó an Choimisiúin. Gníomhaíonn an Cathaoirleach mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ceapadh an Cathaoirleach agus chuir sí tús lena ról sa Choimisiún an 1 Iúil 2020.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gCiorclán 22 de 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 leagtha síos ag an gCoimisiún i leith chaipitliú a shócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur chun feidhme, a chothabháil agus a oibriú.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Chathaoirleach. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear I dtaifead iad I gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Seirbhísí tacaíochta***

Nuair a bunaíodh an Coimisiún in 2016, socraíodh nósanna imeachta i ndáil le seirbhís íocaíochta agus cuntasaíochta an Choimisiúin atá á riar ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Síníodh comhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe. Chlúdaigh an comhaontú sin cuntais/airgeadas, seirbhísí TF agus iniúchóireacht inmheánach. Rinneadh athbhreithniú ag deireadh 2019 agus mhol an Coimisiún feabhsuithe agus leasuithe beartaithe. Rinneadh an comhaontú seirbhíse athbhreithnithe a chomhaontú agus a shíniú an 12 Feabhra 2021.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann.

- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ar leibhéal an lucht bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ar a bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Choimisiún
- go bhfuil córais ann a lena ndírítear ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC atá ag an gCoimisiún
- go bhfuil treoirlínte cuí infheistíochta caipitil i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go hiomchuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchóireacht inmheánach***

Fostaíonn an Coimisiún gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí seachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí a chur ar fáil. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach domsa agus go neamhspleách don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaigheann, a athbhreithníonn agus a cheadaíonn plean oibre iniúchóireachta inmheánaí trí bliana leanúnach i gcomhairle le foireann bainistíochta an Choimisiúin.

In 2021, rinne an tIniúchóir Inmheánach tuairisciú ar an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais in 2020, rud a thug dearbhú réasúnach i ndáil leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm. Bonn eolais faoin bhfeidhm

iniúchóireachta inmheánaí is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Coimisinéir neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta.

Déanaimse an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dá aire ina thuarascáil bhliantúil gurb iad seo a leanas na saincheisteanna suntasacha ar déileáil sé leo le linn 2020

- seisiúin eolais ag gach cruinniú maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an eagraíocht
- tuairiscí ráithiúla bainistíochta riosca ón bPríomhoifigeach Oibríochtaí/ón bPríomhoifigeach Riosca
- cur i láthair ráithiúil chuntais bhainistíochta an Choimisiúin
- athbhreithniú ar na dréachtchuntais leithreasa agus an ráiteas gaolmhar faoi rialuithe inmheánacha airgeadais
- cur i láthair ó Chathaoirleach an Choimisiúin ar a tosaíochtaí straitéiseacha ar theacht isteach san eagraíocht di
- an t-eolas is deireanaí ón gCathaoirleach maidir le cásbhainistíocht
- athbhreithniú ar an aschur ó iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an litir bhainistíochta agus freagraí bainistíochta an Choimisiúin
- cruinniú príobháideach leis an Iniúchóir Inmheánach, ag déanamh mionscrúdú ar a athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha airgeadais 2019 agus ag comhaontú an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí do 2020
- rianú ar fhionnachtana oscailte an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na n-iniúchtaí inmheánacha agus comhairle a chur ar an gCoimisiún ina leith
- athbhreithniú ar an lámhleabhar polasaithe airgeadais agus nósanna imeachta agus doiciméid eile rialachais
- nuashonruithe rialta TFC.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go hiomchuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

In 2020, chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte soláthair, seachas i gcás conradh amháin (sa bhreis ar €25,000), arb ionann é agus €28,864 san iomlán (gan CBL san áireamh) agus leagtar na sonraí ina leith amach thíos.

- €28,864 (gan CBL san áireamh) i ndáil le hobair anailísí gnó i bhforbairt a dhéanamh ar chórais cásbhainistíochta amach anseo agus ar na nósanna imeachta próiseála ag an gCoimisiún. Chuaigh an Coimisiún i mbun fógraíochta d’anailísí gnó ag costas faoi €25,000 ach ní bhfuarthas aon iarratais. Ag an tráth céanna, d’fhostaigh an Coimisiún soláthraí ar thionscadal éagsúil i réimse gaolmhar ina raibh trasnáil shuntasach idir an tionscadal seo agus tionscadal an anailísí gnó. D’fhostaigh an Coimisiún an soláthraí céanna dá éis sin chun gníomhú mar anailísí gnó ar shuim €28,864.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an gCoimisiún sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d’Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha chun feidhme ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Choimisiún agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Athbhreithnithe Riosca agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Bainfear úsáid as toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill shonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta in am is i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis I bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Mar bhonn taca ag monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta taobh istigh den Choimisiún ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim COVID-19***

Rinneadh measúnaithe ar thionchar Covid-19 ar thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus cuireadh na rialuithe agus nósanna imeachta a leagtar amach i Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais an Choimisiúin chun feidhme in 2020.

Chruthaigh ráig na paindéime Covid-19 dúshláin mhóra d'oibriú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach agus dá sheirbhísí a sholáthar, go háirithe éisteachtaí agus comhdhálacha cásbhainistíochta a reáchtáil. Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, cuireadh gach éisteacht siar, agus de réir threoirlínte an Rialtais, bhí an fhoireann ar fad ag obair ó chian. D'fhreastail na baill foirne chuí ar an oifig nuair a theastaigh lena chinntiú go leanfaí de sheirbhísí a chur ar fáil le linn na dianghlasála.

An 4 Lúnasa 2020, chuir an Coimisiún tús lena fhilleadh ar an oifig. Chuir an Coimisiún tús arís le héisteachtaí a sceidealú agus thosaigh sé arís ar iad a chur ar siúl i bpearsa agus ó chian ó lár mhí Lúnasa i leith. Tá rialuithe dochta, atá i gcomhréir le treoirlínte FSS, i bhfeidhm maidir le seoladh na n-éisteachtaí sin. Tá an rogha á tairiscint do pháirtithe chun freastal ar éisteacht i bpearsa in oifigí an Choimisiúin, de réir mar a cheadaítear faoi na srianta, nó freastal trí rochtain ó chian le háiseanna físchomhdhála.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

31 Lúnasa 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Méan Fómhair 2021

## Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 3,308 | 3,018 | 1,772 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,308** | **3,018** | **1,772** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **75** | **63** | **49** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,233** | **2,955** | **1,723** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear faoi réir géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **278,210** | **1,484,735** |

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas an chláir** | | | |
| Pá | | 2,249 | 1,408 |
| Neamhphá | | 769 | 364 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,018** | **1,772** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **63** | **49** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,955** | **1,723** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (198) | | |
| Dímheas | 43 | | |
| Díluacháil | 7 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 5 | (143) | (8) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 29 | | |
| Méadú ar stoc | (15) | 14 | (20) |
| **Caiteachas díreach** | | **2,826** | **1,695** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 595 | 536 |
| **Glanchostas an chláir** | | **3,421** | **2,231** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 28 | 28 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 567 | 508 |
| | | **595** | **536** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 217 | 74 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 669 | 253 |
| Stoic | 2.2 | 22 | 7 |
| Réamhíocaíochtaí | | 58 | 50 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **749** | **310** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 73 | 36 |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | | 510 | 195 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.3 | 159 | 58 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **742** | **289** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 7 | 21 |
| **Glansócmhainní** | | **224** | **95** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.4 | **224** | **95** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | — | 182 | — | 182 |
| Breiseanna | 7 | 72 | 119 | 198 |
| Diúscairtí | — | (5) | — | (5) |
| Díluacháil | — | (12) | — | (12) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 7 | 237 | 119 | 363 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 108 | — | 108 |
| Dímheas don bhliain | 1 | 42 | — | 43 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | — | — |
| Dímheas ar dhíluacháil | — | (5) | — | (5) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 1 | 145 | — | 146 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **6** | **92** | **119** | **217** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | — | 74 | — | 74 |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 4 | 6 |
| Trealamh/ilghnéitheach | 2 | — |
| Ábhar inchaite TF | 16 | 1 |
| | **22** | **7** |

## 2.3 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 278 | 1,485 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (119) | (1,427) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **159** | **58** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 669 | 253 |
| | 669 | 253 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | (510) | (195) |
| | **159** | **58** |

## 2.4 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 95 | 67 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,233 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (278) | | |
| Vóta glan | | | 2,955 | 1,723 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 595 | 536 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (3,421) | (2,231) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **224** | **95** |

## 2.5 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 43 | 115 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **43** | **115** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 2,541 | 2,249 | 1,408 |
| ii | Taisteal agus cothú | 20 | 1 | 2 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 104 | 205 | 72 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 14 | 26 | 23 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 384 | 315 | 161 |
| vi | Costais áitribh oifige | 35 | 26 | 13 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | 210 | 196 | 93 |
| | | **3,308** | **3,018** | **1,772** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €104,000, toradh: €205,000*

Tharla an caiteachas breise de €101,000 ar thraenáil agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar gheall ar imeachtaí dlíthiúla a réiteach.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 75 | 63 | 49 |
| | **Iomlán** | **75** | **63** | **49** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **34** | **29** |

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 2,046 | 1,276 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | 1 |
| Ragobair | 5 | 5 |
| ÁSPC an Fhostóra | 198 | 126 |
| **Pá iomlán** | **2,249** | **1,408** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | — | — | 1,016 |
| Ragobair | 11 | — | 1,074 | 4,612 |

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Coimisiún | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na hoifige** | 1 | — | 100 | — | 100 | — |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 9 | 77 | — | 11 | 88 | 7 |
| | | **77** | **100** | **11** | **188** | **7** |